

# Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí: Diúltú do dhaoine eile ag úsáid do shonraí

Tugtar an ceart chun agóid a dhéanamh ar seo. Ciallaíonn sé seo go bunúsach go bhfuil sé de cheart agat a rá le heagraíocht nach n-aontaíonn tú go mbainfidís úsáid as do chuid sonraí agus a iarraidh orthu stopadh. Tá uaireanta áirithe inar féidir leat an ceart seo a úsáid agus nach féidir leat é a úsáid. Mar shampla, má tá do chuid sonraí pearsanta á n-úsáid ag cuideachta chun eolas a sheoladh chugat trí ríomhphost nó tríd an bpost faoi tháirgí atá siad ag iarraidh a dhíol leat, is féidir leat a rá leo stopadh aon uair is mian leat.

## **Ní thuigim. Más rud é nach bhfuil mé ag iarraidh ar eagraíocht úsáid a bhaint as mo chuid sonraí, caithfidh siad stopadh, nach gcaithfidh?**

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach dteastaíonn do chead ó gach eagraíocht chun do chuid sonraí a úsáid. Tá dualgas ar roinnt eagraíochtaí cuid de do chuid sonraí a choinneáil, amhail an rialtas. D'fhéadfadh cúis an-mhaith a bheith ag eagraíochtaí eile, chun do chuid sonraí a úsáid gan do chead a iarraidh i roinnt cúinsí. Sampla de seo ná na ceamaraí CCTV ag d'ionad siopadóireachta áitiúil. Ní gá don ionad siopadóireachta cead a iarraidh ar chuairoteoirí taifead a dhéanamh orthu trí CCTV mar go bhfuil gá leis na ceamaraí chun cosc a chur le rudaí ar nós coireacht agus chun custaiméirí agus baill foirne a choinneáil sábháilte. Maidir le leanaí, ní mór d'eagraíochtaí a bheith an-chúramach agus a chinntiú nach ndéanann an chúis atá acu le sonraí pearsanta a úsáid díobháil ar bith do leanaí.

## **Diúltú do chinntí tábhachtacha a dhéanamh ag ríomhairí amháin**

Tarlaíonn cinntí a dhéantar ag ríomhaire amháin chomh minic sin nuair a théann muid ar líne gur ar éigean a thugann muid faoi deara iad. Mar shampla, is toradh é an t-ábhar a fheiceann muid nuair a bhíonn muid ag scrollú trí fhothaí meán sóisialta, nó na fógraí a fheiceann muid nuair a osclaíonn muid leathanach gréasáin nua, ar chinntí a dhéantar ag ríomhaire bunaithe ar ár sonraí pearsanta.

## **Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?**

Mar go ndeir an dlí cosanta sonraí go gcaithfidh fíor-dhaoine a bheith páirteach in aon chinntí tábhachtacha a dhéantar bunaithe ar do shonraí pearsanta. Samplaí de chinntí tábhachtacha is ea iarratas ar iasacht ó bhanc, iarratas ar phost nó iarratas ollscoile. Má tá imní ort go bhfuil cinneadh tábhachtach déanta ag eagraíocht fút ag baint úsáide as ríomhairí amháin gan aon duine a bheith páirteach, tá sé de cheart agat go míneofaí an cinneadh sin duit, go bhféadfaidh tú ceisteanna a chur faoin chinneadh agus go nglacfaidh duine daonna páirt sa chinneadh a dhéanamh. Mura bhfuil tú sásta go fóill, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an DPC.

## **Cén chaoi ar féidir liom gearán a dhéanamh leis an DPC?**

Is é an bealach is fearr chun gearán a dhéanamh leis an DPC ná an fhoirm ghréasáin "Ardaigh ceist leis an gCoimisiún", a bhfaighidh tú ar ár suíomh gréasáin, a chomhlánú. Déanfaidh ball den DPC teagmháil leat ansin maidir le do ghearán. Is féidir leat glaoch a chur freisin ar cheann dár línte cabhrach nó do ghearán a sheoladh chugainn tríd an bpost más fearr leat. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi le teagmháil a dhéanamh linn ar ár suíomh gréasáin ag: <https://www.dataprotection.ie/ga/contact/teagmhail-dheanamh-linn>

## **Cén cearta cosanta sonraí atá agam?**

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: [www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí](http://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí)